Energy for generations

# Plean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta

Bealtaine 2024



# An Cur Chuige atá againn i leith na Ceannaireachta Inbhuanaitheachta

Trí leictreachas a úsáid chun athghiniúint a dhéanamh, caitheann ESB dúthracht chun difríocht a dhéanamh don phláinéad, don áit agus do na daoine. San achoimre seo ar ár bPlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta, leagtar amach ár bpríomh-uaillmhianta agus na gníomhartha a dhéanfaimid, a mhéid a bhaineann siad leis **na trí cholún seo**.

Tá cur chuige athghiniúnach nó 'glan dearfach' á ghlacadh againn i leith ár ngníomhartha ós rud é gur mian linn pobail agus éiceachórais nádúrtha a athbhunú agus a athghiniúint, agus ar an gcaoi sin na coinníollacha a chruthú le go mbeidh an rath ar an duine agus an nádúr. Cuirfimid breis mionsonraí ar fáil ar bhonn leanúnach faoinár ngníomhartha, ár spriocanna agus an dul chun cinn ó thaobh ár bPlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta a bhaint amach ar **esb.ie/sustainability**.



# Ár Réimsí Fócais amach go 2030

Chun fíorathrú marthanach a bhaint amach, tá ár bPlean leagtha amach faoi thrí phríomhcholún: pláinéad, áit agus daoine. Tá ár dtosaíochtaí bunaithe ar an obair atá déanta ag Ionad Athléimneachta Stócólm, a aithníonn nach mór dúinn féachaint ar níos mó ná an aeráid agus muid ag smaoineamh ar an tionchar agus na gníomhartha a dhéanaimid feadh gnéithe éagsúla comhshaoil a thacaíonn leis an mbeatha ar domhan. Tá gníomh ar na sruthanna oibre sin tábhachtach, iomchuí agus ag teacht lenár straitéis agus lenár luachanna.

## Na 11 réimse fócais dár
## Plean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta

### Pláinéad

- Aghaidh a Thabhairt ar an Athrú Aeráide
- Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach

### Áit

- Bithéagsúlacht
- Truailliú
- Uisce
- Pobail

### Daoine

- Fostaithe
- Custaiméirí
- Slabhra Soláthair

### An Beart a Dhéanamh

- Rialachas Inbhuanaitheachta
- Ceannaireacht Sheachtrach





# Pláinéad

## Táimid ag obair chun astaíochtaí neodracha a bhaint amach faoi 2040 trí chuir chuige inbhuanaithe agus athghiniúnacha

### Aghaidh a Thabhairt ar an Athrú Aeráide

Lenár straitéis **Tiomanta do Dhifríocht a Dhéanamh: Neodracht a Bhaint Amach faoi 2040**, leagtar bealach soiléir amach chun astaíochtaí neodracha a bhaint amach ar bhealach a thacóidh lenár gcustaiméirí agus a chinnteoidh ár bhfás leanúnach. Tá bunathruithe chun feabhais á ndéanamh againn ar feadh ár ngrúpa chun tacú le pleananna náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin éagsúla, idirnasctha ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Treochlár ESB i dtreo na Neodrachta faoi 2040 a fhoilsiú ina mbeidh spriocanna le haghaidh 2030 maidir le hastaíochtaí Scóip 1, 2 agus 3.
- Na gníomhartha is gá chun an sprioc laghdaithe astaíochtaí iomlán sínte le haghaidh 2028 a bhaint amach.

### Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach

Táimid tiomanta d'fhoinsiú inbhuanaithe ábhar (lena n-áirítear ábhair athchúrsáilte) agus do phleananna deireadh ré a chur i bhfeidhm.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Measúnuithe ar chostas saolré a chur san áireamh i sonraíochtaí tairisceana gach tionscadail chaipitiúil.
- Pleananna deireadh ré a bheith i bhfeidhm do thuirbíní gaoithe, grianphainéil agus ceallraí chun athúsáid nó athchúrsáil ábhar a uasmhéadú.
- A chinntiú go bhfuil critéir a bhaineann le hinbhuanaitheacht á n-úsáid do gach tairiscint mhór.

# Áit

## Táimid tiomanta cabhrú lenár bpobail aistriú chuig neodracht agus dul ó neart go neart.

### Bithéagsúlacht agus Éiceachórais

An sprioc atá againn ná a bheith dearfach ó thaobh an nádúir de faoi 2030. Déanfaimid iarracht ghníomhach chun tacú le hathbhunú an nádúr inár ngníomhaíochtaí go léir.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Pleananna gníomhaíochta pailneoirí a chur chun feidhme ar na láithreáin go léir atá againn.
- Gach láithreán tionscadail nua ar tír a fhorbairt ar mhaithe le glanghnóthachan bithéagsúlachta.
- Cur chuige a chur i bhfeidhm a chuireann leis an nádúr in 30% de na cainéil abhann agus gnáthóga cois locha ar linne iad faoi 2030.

### Truailliú

Tá sé mar aidhm againn na hastaíochtaí go léir sa chomhshaol a laghdú agus deireadh a chur leo ar deireadh.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Ár gcóras chun substaintí guaiseacha a rialú (CoHS) a uasghrádú – riosca comhshaoil a lánpháirtiú, aip mhóibíleach a chur ar fáil le haghaidh taifeadadh ag an bhfoireann, agus córais tuairiscithe a fheabhsú.
- Úsáid luibhicíde a shrianadh do chásanna ardriosca sábháilteachta.
- Rianú agus tuairisciú ar an dul chun cinn maidir le deireadh a chur le húsáid cuaillí a chóireáiltear le créasóid agus gás $SF_6$.



## Uisce

Bainfimid úsáid éifeachtúil agus choinsiasach as uisce inár n-áitribh agus chun leictreachas a ghiniúint.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Teicneolaíochtaí méadraithe agus teicneolaíochtaí gaolmhara a úsáid inár n-áitribh go léir chun laghdú 10% a chur ar úsáid uisce óil faoi 2028.
- Measúnuithe tionchair uisce a dhéanamh le haghaidh gach infheistíocht mhór.
- Measúnú a dhéanamh ar athléimneacht stáisiún giniúna i leith tionchair an athraithe aeráide a bhaineann le huisce.

## Pobail

Déanfaimid caidreamh straitéiseach agus nuálach le pobail agus le páirtithe leasmhara chun tacú lenár straitéis.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Measúnú Tionchair Pobail a chur san áireamh i ngach clár caipitil.
- Cur lenár bpunann tionscnamh atá dírithe ar an bpobal agus a fhaigheann tacaíocht agus urraíocht.
- Straitéis Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Ghrúpa ESB.



# Daoine

## Táimid tiomanta tacú le coinníollacha sóisialta agus comhshaoil a chuireann ar chumas gach duine dul ó neart go neart.

### Ár bhFostaithe

Tá áit oibre á tógáil agus á cothú againn ina n-oibríonn gach duine go sábháilte, ina bhfásann siad agus ina bhféadfaidh siad dul ó neart go neart mar an duine atá siad i ndáiríre.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Oibriú chun sprioc earnáil phoiblí Phoblacht na hÉireann a bhaint amach, is é sin go mbeidh 4.5% de na fostaithe ina ndaoine faoi míchumas faoi 2024 (6% faoi 2025), chomh maith leis an sprioc gur mhná a bheidh i 30% dár lucht saothair faoi dheireadh 2025.
- A chinntiú go mbeidh cothromas leabaithe sna próisis, beartais agus iompraíochtaí lárnacha maidir le daoine.
- Ár gcaighdeán cuimsitheachta a mhéadú de réir a chéile mar a chreidiúnaítear ag an Irish Centre for Diversity (Ionad na hÉireann um an Éagsúlacht).

### Ár gCuid Custaiméirí

An sprioc atá againn ná ár gcuid custaiméirí a spreagadh chun astaíochtaí neodracha a bhaint amach faoi 2040 agus tacaíocht agus cumhacht a thabhairt dóibh déanamh amhlaidh.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Ár líonra luchtaithe feithiclí leictreacha a mhéadú go dtí níos mó ná 2,000 luchtaire poiblí laistigh de chúig bliana agus go dtí 3,000 faoi 2030.



- Níos mó ná leath dár gcuid custaiméirí Electric Ireland a bheith ar tharaifí cliste laistigh de chúig bliana.
- Ár raon éagsúil brandaí agus táirgí do chustaiméirí a úsáid chun stíl mhaireachtála 'lán-leictreach' a chur chun cinn agus a spreagadh.

### Ár Slabhra Soláthair

An sprioc atá againn ná ardchaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus ceannaireacht inbhuanaitheachta a lánpháirtiú inár ngníomhaíochtaí foinsithe go léir.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Comhoibriú le daoine eile ionas go dtabharfaimid tacaíocht do sholáthróirí oiliúint agus dea-chleachtas a fháil.
- Ár gcuid próiseas a ailíniú le Caighdeán Treorach an ISO um Sholáthar Inbhuanaithe (ISO 20400).
- Ár mbeartais soláthair, nósanna imeachta agus caighdeáin dícheall chuí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le bunchód an Tionscnaimh um Thrádáil Eiticiúil agus le Treoracha is infheidhme ón Aontas Eorpach.

# An Beart a Dhéanamh

Tá plean cuimsitheach agus uaillmhianach forbartha againn, bunaithe ar thuiscint dhomhain ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara agus ar phríomh-shaincheisteanna domhanda inbhuanaitheachta. Feidhmeoidh an plean sin mar chreat marthanach dúinn chun measúnú a dhéanamh ar ár dtionchar agus chun dul chun cinn maith a dhéanamh i dtreo suíomh ceannaireachta maidir leis an inbhuanaitheacht. Geallaimid an dul chun cinn a dhéanfaimid a thuairisciú, dul sa tóir ar rannpháirtíocht chomhoibríoch agus ár gcur chuige a oiriúnú de réir mar a thiocfaidh athrú ar riachtanais maidir le pláinéad, áit agus daoine.

## Rialachas Inbhuanaitheachta

Tá sé mar aidhm againn pleanáil ghnó agus cinnteoireacht a ailíniúlenár straitéis agus cuspóir Neodrachta.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Athléimneacht i leith riosca aeráide a lánpháirtiú i bpróisis roghnaithe láithreán, pleanála, dearaidh agus ceadaithe.
- Tionchair inbhuanaitheachta ábhartha a chur san áireamh i bpróisis ceadaithe gnó.
- spriocanna um laghdú ar astaíochtaí a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an dul chun cinn.

## Ceannaireacht Sheachtrach

Déanfaimid comhoibriú ar bheartais a thacaíonn leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le Straitéis Neodrachta ESB, agus lorgóimid tacaíocht dóibh.

**I measc ár ngníomhartha beidh:**

- Oibriú chun uaillmhianta a bhaint amach mar atá siad leagtha amach i dTreochlár ESB i dtreo na Neodrachta, 2040 agus cloí le spriocanna neodrachta na hÉireann 2050.
- Oibriú le comhlachtaí tionscail chun beartais a thacaíonn le spriocanna aeráide na hÉireann a mholadh.



# Ár bPlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta i nGníomh

Is fóntas láidir éagsúlaithe muid atá ag feidhmiú ar fud an mhargaidh leictreachais: idir ghiniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar. Oibrímid freisin in earnálacha gaolmhara eile inar féidir linn difear a dhéanamh, lena n-áirítear teileachumarsáid, luchtú feithiclí leictreacha, iarfheistiú tí agus a thuilleadh nach iad.

Tá ár n-aonad gnó go léir agus níos mó ná 9,000 ball foirne tiomanta na gníomhartha agus uaillmhianta a leagtar amach inár Straitéis um Neodracht faoi 2040 agus sa Phlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta seo a bhaint amach.

**Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí leanúnacha san eagraíocht:**

- Tá speisialtóirí comhshaoil againn inár n-aonaid ghnó faoi seach, ina measc éiceolaithe a mbíonn baint acu le gach céim de thionscadail, agus a chinntíonn go gcuirtear an bhithéagsúlacht san áireamh i ndearadh, forbairt agus feidhmiú na dtionscadal sin. Mar shampla, tá feirm ghréine 70MW á forbairt againn ag Tigh Mochua, Co. Chill Dara, i gcomhar le Bord na Móna. Mar chuid den Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol, d'aimsíomar dhá speiceas annamh féileacáin ar an láithreán – an fritileán réisc Euphydryas aurinia agus an léimneoir beag Thymelicus sylvestris – agus tá gníomh á dhéanamh againn chun na speicis sin a chaomhnú agus chun gnáthóg níos oiriúnaí a sholáthar dóibh.
- Is comhpháirtí muid sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP) agus mar chuid dár sruth oibre níos leithne um an mbithéagsúlacht agus éiceachórais, gheallamar deiseanna a ghlacadh chun tírdhreacha a bhainistiú ar bhealach a chabhraíonn le pailneoirí. Mar shampla, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Ionad Oiliúna ESB Networks i bPort Laoise, áit a bhfuil córas móinéir gearrthréimhse faoi bhláth agus tréimhse fhada faoi bhláth curtha i bhfeidhm i roinnt limistéar den láithreán 14 heicteár (a ndearnadh an féar a bhaint go rialta ann, go stairiúil).
- Is comhpháirtí bunaidh muid de thionscnamh nua in Éirinn, Supply Chain Sustainability School (Scoil Inbhuanaitheacht an tSlabhra Soláthair). Cabhraíonn an tionscnamh seo linne, lenár gcomhpháirtithe slabhra soláthair agus leis an timpeallacht thógtha níos leithne in Éirinn ar ár gcomhthuras inbhuanaitheachta trí uirlisí, acmhainní agus ábhair foghlama a chur ar fáil.
- Sheolamar Clár um Eolas an Bhealaigh Inbhuanaitheachta nua in 2023 agus é mar aidhm leis cultúr inbhuanaitheachta a chruthú in ESB trí uas-sciliú agus cur leis an eolas faoi phríomh-ábhair, agus rannpháirtíocht i gceardlanna agus grúpaí sainspéise.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoinár ngníomhaíochtaí, féach esb.ie/sustainability

## Ár ndul chun cinn a thuairisciú

Foilseoimid nuashonruithe in aghaidh méadrachta chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar ár bPlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta ar ár suíomh gréasáin via esb.ie/sustainability.

Tá na tuarascálacha agus beartais ábhartha go léir ar fáil ansin freisin.

Ón mbliain dar críoch mí na Nollag 2025 i leith, tuairisceoimid i gcomhréir le Treoir an AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC).

# Bogadh Chun Cinn maidir le Freagracht Shóisialta agus Chomhshaoil

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an nglúin seo. Tá tionchar an athraithe aeráide follasach i bpatrúin adhaimsire atá ag éirí níos géire, leibhéil farraige atá ag ardú, ganntanas uisce agus cur isteach ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais. Tá tionchar tubaisteach ag tomhaltas agus táirgeadh an duine ar aeráid agus ar éiceachórais an domhain.

Tá ról lárnach le himirt ag leictreachas chun dul i ngleic leis an athrú aeráide trí dheireadh a chur le carbón agus astaíochtaí gás ceaptha teasa dochracha eile ó earnáil an fhuinnimh. Tá luas an dícharbónaithe agus an leictrithe ríthábhachtach chun a fháil amach cibé an féidir fanacht faoi 1.5°C de théamh domhanda.

**Tá ár straitéis Tiomanta do Dhifríocht a Dhéanamh: Neodracht faoi 2040** – arb í ár straitéis atá bunaithe ar ghníomhú ar son na haeráide í go bunúsach – dírithe ar thrí cheann de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe (SFIanna) faoina bhféadfaimid difríocht mharthanach agus inbhraite a dhéanamh, dar linn.

Tá an bonneagar agus na seirbhísí á gcur ar bun againn lena chur ar a gcumas dár gcuid custaiméirí agus don tsochaí i gcoitinne maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe. Tá cothromaíocht a aimsiú againn idir an méid sin agus an gá le soláthairtí leictreachais iontaofa agus inacmhainne a choinneáil ar bun chun tacú le custaiméirí, pobail agus ár ngeilleagar.

Táimid ag bogadh chun cinn maidir le freagracht shóisialta agus chomhshaoil, ag cothú éiteas slán sábháilte inbhuanaithe atá i gcomhréir lenár luachanna.

**Áirítear leis sin:**




Rochtain a chinntiú do chách ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha.




Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú.




Gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus a thionchar.